


£1.50

# Comórtas Amhrán Nuachumtha

# 1997



**Raidió na Gaeltachta**

**AR FUD NA TÍRE**

Scéalta Beaga agus Scéalta Móra  
Ceol, Cabaireacht agus Cuideachta  
ó Admhaidin go Tráthnóna


ar

**RAIDIÓ NA GAELTACHTA**

Craoladh beo ar  
FM/VHF  
ar fud na tíre

Dhá shúil  
Dhá chluais  
Dhá láimh  
Dhá chois...

Dhá theanga  
Gan amhras!



Údair na Gaeltachta

## COMÓRTAS na nAMHRÁN NUACHUMTHA

### Coiste 1997

Risteárd Dónal Mac Aodha (Cathaoirleach),  
Seán Ó hÉinaigh (Rúnaí),  
Miriam Allen (Cisteoir),  
Mairéad Ní Chualáin, Johnny Hughes,  
Nora Lee

*Leabhrán foilsithe ag  
Coiste Chomórtas na nAmhrán Nuachumtha 1997*

Eagarthóir: Máire Bn. Uí Iarnáin

Clóchur: Muintearas na nOileán

Dearadh agus leagan amach: Mandaí Uí Mhurchú

Clódíreacht:  
Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

### Moltóirí :

Íde Ní Cheallaigh  
Treasa Ní Cheannabháin  
Liam Ó Donnchadha

Fear a tí: Eoin Mac Diarmada

An Comórtas Amhrán Náisiúnta Pan Cheilteach

## Réamhfocal ón gCathaoirleach Nua

Ní post é post an Chathaoirligh a roghnaigh mé ná ní obair í a bheinn toilteanach a dhéanamh dá mbeadh iarrthóir eile ann a bheadh sásta tabhairt fúithi. Tháinig mise isteach ar an gcoiste tar éis cruinniú a bheith in Áras Uí Chadhain cúig bhliana ó shin inar caitheadh an smaoineamh amach gur cheart do 'mo leithéidse' a bheith páirteach agus ní raibh sé de chiall ná de mhisneach agam 'níl mé sásta' a rá.

Rinne mé tréaniarracht i gcaitheamh na gceithre bliana atá caite ar an gcoiste cloí le bainistiú fuaimne agus stáitse amháin agus gach ar bhain le cúrsaí bainistíochta, polaitíochta agus fógraíochta a sheacaint. Ní cainteoir ó dhúchas mé agus tá mé go mór san airdeall gur 'séidte isteach' atá mé agus go bhféadfaí a chur i mo leith go héasca a bheith ag míniú nó ag inseacht fíos a ngnó féin do mhuintir na háite.

Tá mise i bpost an Chathaoirligh mar go n-éirionn daoine a bhíonn gafa le hobair dheonach phobail agus a bhíonn díograiseach ina leith, aisti, ar chúinsí pearsanta agus b'éigean dom mé féin a roghnú mar Chathaoirleach mar go mba mé an t-aon saighdiúir a bhí fágtha.

Tá súil agam, nach bhfuil mórán botúin déanta agam ó thaobh eagraithe an chomórtais i mbliana. B'fhéidir go raibh locht orm mar go raibh muid deireanach ag tosnú ach fuair mé neart cúnamh ón bhfoireann atá ag obair liom ar an gcoiste agus tá mé ag tnúth le togha comórtais i mbliana. B'fhéidir gur cuireadh brú dochreidte ar chumadóirí agus ar fhonnadóirí (b'fhéidir nach drochrud é sin!) a gcuid oibre a chríochnú in achar gearr. Freisin ó tharla go raibh muid beagáin deireanach ag tosnú

bhí 'ár n-oicheanta' tógtha agus b'éigin dúinn an babhta ceannais a athrú amach den 'teallach' ie. Óstán an Doilín ar an gCeathrú Rua agus é a bheith againn i nGailfchumann na nOileán in Eanach Mheáin.

Bhí sé d'ádh ar an gComórtas a bheith ag déileáil le duine chomh tuisceanach le Seosamh Ó Loideáin i gcaitheamh na mblianta, fear a chaith dua agus aimsir le forbairt an cheoil agus le himeachtaí óige i measc an phobail, agus a bhí sásta an Comórtas a bheith roinnte idir an dá ionad. Glacaimid ár míle buíochas le Josie as a bheith chomh tuisceanach sin. Táimid ag tnúth freisin le bheith i dteannta Phádraig Uí Chonghaile agus a fhoireann i nGailfchumann na nOileán agus tá súil againn go gcuirfidh muintir na nOileán fáilte romhainn.

Le cúnamh Dé faoin am a bhéas tú á léamh seo beidh muid ag tnúth go mór le taitneamh a bhaint as an sibhreas iontach cultúrtha agus traidisiúnta a chruthaíonn siad siúd atá ina measc ie. na cumadóirí agus na fonnadóirí nuair a shnaidhmeann siad a gcuid filíochta trí fhoireann an cheoil. Is é fuinneamh ealaíonta, cruthaíoch seo **bhur** bpobail atá sé de rún ag an gcoiste seo againne .... Coiste Chomórtais na nÁmhrán Nuachumtha .... a fhorbairt agus chaomhnú.

Sé mo ghruí féin go dtabharfaidh chuile dhuine atá in ann lámh dúinn lena chinntiú go maífidh an chuid thábhachtach seo den ealaíon phobail, cé nach rófhairsing a réimse, ar feadh blianta fada romhainn.

*Risteárd Dónall Mac Aodha*  
*Cathaoirleach*

## Rannóga agus Duaiseanna

### **Rannóg 1: Focail nuachumtha, fonn nuachumtha, le tionlacan.**

1ú Áit: Duais £300

Plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

Seisiún taifeadadh á bhronnadh ag Stiúideo Harmony Row, Inis.

2ú Áit: Duais £150

Plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

### **Rannóg 2: Amhrán ar an Sean-Nós : Fonn.....sean nó nua.**

1ú Áit: Duais £200

Plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

Seisiún taifeadadh i stiúdeo, á bhronnadh ag Temptation Recording

Studio, Baile Bán, Gaillimh.

Luach £50 de chaiséid/dlúthdhioscaí á bhronnadh ag Cló Iar-chonnachta.

2ú Áit: Duais £100

Plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

### **Rannóg 3: Amhrán nuachumtha, le/gan tionlacan: ní gá go mbeadh an fonn nuachumtha, ach ní ghlacfar le sean-nós.**

1ú Áit: Duais £200

Plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

Seisiún taifeadadh i stiúdeo á bhronnadh ag Harmony Row, Inis.

2ú Áit: Duais £100

Plaic an duine don chumadóir agus don fhonnadóir.

### **Duais speisialta don óige:** á bhronnadh ag Mulligan, Gaillimh.

Chomh maith leo seo **bronnfar duais aitheantais ar chumadóir agus fonnadóir gach amhrán sa gcomórtas.**

### **Duaiscanna airgid á mbronndadh ag Coiste na n-Amhrán Nua-chumtha agus an Coiste Náisiúnta Pan Cheilteach**

*Is ar an gcumadóir a bhronnfar gach duais airgid. Faoi/fuílthi siúd a bhéas cén chaoi a roinnfear é.*

Déanfaidh buaiteoirí Rannóg 1 agus Rannóg 2 ionadaíocht ar son na hÉireann ag an bhFéile Phan Cheilteach.

## San airdeall ar an gcultúr

Ní hé an rud is éasca ar domhan é moltóireacht a dhéanamh ar obair comhghleacaí, is cuma an fear nó bean an té sin, agus is measa fós mar obair í nuair is obair ealaíonta nó obair shuibíochtúil atá i gceist a mbeidh a toradh le cur os comhair an phobail.

Tóg an fion mar shampla. Tá saineolaithe fíona ann a mhaíonn go bhfuil siadsan in ann an fion is fear a phiocadh amach ach fós is agann féin is fearr fios cén fion is rogha linn féin. Caithfidh an moltóir a bhfuil scil aige i dtóin, i rithim agus i gcomhcheol ó thaobh cúrsaí an cheoil de, i litríocht agus i bhfilíocht na Gaeilge, i dtaispeántais ardáin, in úsáid an ghutha agus i ndeacrachtaí a bhaineann le cóiriú an cheoil, rogha a dhéanamh mar a dhéanfas muid féin, ach thairis sin caithfidh an moltóir an rogha sin a chur in ord agus seasamh leis an rogha os comhair an phobail fiú má bhíonn fonn ar an bpobal sin argóint a thosú faoi.

Guimis rath Dé ar an obair mar gan moltóirí ní bheadh aon chomórtas ann agus gan comórtas ní bheadh an cur agus an cúiteamh ann a bhaineann le forbairt ealaíonta de chineál ar bith agus í ag tabhairt a haghaidh ar a bhfuil roimpi más áil léi dul chun cinn agus barr feabhais a chur uirthi féin. Ní fiú leithphingin muid nuair nach fiú linn iarracht a dhéanamh agus is measa dá réir sin muid mar dhream ealaine má thugaimid cead a gcinn d'ealaíontóirí, atá ag teacht chun cinn, droim láimhe a thabhairt dúinn agus a mbuanna a ligean le sruth.

Tugann an comórtas seo deis agus misneach do chumadóirí agus d'fhonnadóirí nua tosú ag cumadh amhráin i nGaeilge, forbairt a dhéanamh orthu agus iad a chur i láthair ar an stáitse. Ní dhéanfaidh na moltóirí, an coiste ná aon duine amháin as féin an obair seo agus ní dhéanfar í gan tacaíocht pobail ..... agus is duine den phobal sin tusa. Is mór againn do thacaíocht, do chúnamh agus do mheas ar na ceardaithe ceoil agus amhrán seo atá sásta seasamh amach os ár gcomhair le go bhféadfaidh muid ár mbreith féin, olc maith nó dona a thabhairt ar gach a mbíonn le cur inár láthair acu. B'fhéidir freisin nár mhór dúinn gaois an tseantSaoil a mheabharrú dúinn féin i.e. go gcuirtear olc agus fearg orainn nuair a chuireann daoine eile na lochtanna atá go smíor ionainn féin os comhair ár súl.

## Moltóirí 1997

Íde Ní Cheallaigh

Treasa Ní Cheannabháin

Liam Ó Donnchadha

## Focal Buíochais

Ní mhairfeadh an comórtas seo d'uireasa lucht urraíochta is fógraíochta, tacaíocht dhaoine aonair, na hiomaitheoirí agus ár lucht leanúna is ár n-éisteoirí a bhíonn linn ó bhliain go bliain. Is mór é ár mbuíochas do Raidió na Gaeltachta, do Udarás na Gaeltachta, don Coiste Pan Ceilteach, do lucht gnó agus dóibh siúd go léir a thugann urraíocht dúinn nó a chuireann fógraí sa leabhar seo. Murach sibh ní bheadh an comórtas seo ann.

## CLAR

	Amhrán	Cumadóir/i	Fonnadóir/Gripa Ceoil	Lth
<b>Kannóg 1</b>	Arts, Don Alnuair An Féilleacháin An Nádur Ceanntar Grámhar Comhartha an Ghaol Gethsemane Sao Chugainn an Samhradh Stoscadh na Saoirse Tuaisceart, Deisceart	Aodhan Mac Bhrannailgh Bairbre Ní Chatháin Bairre Ní Chatháin Pádraig an Tállitúra Ó Conghaola Damian Mac Gabhann Art Ó Dufaigh / (ceol) Sean Éinnit Jim Kelly Deirdre Ní Chinnéide Clíodhna Ní Murchadha Frankie Ní Dhoncha	Bernadine Ní Giolla Phádraig Bairbre Ní Chatháin Míchéal Ó Conghaile Damian Mac Gabhann Art Ó Dufaigh / Sean Éinnit Jim Kelly Deirdre Ní Chinnéide Clíodhna Ní Murchadha Frankie Ní Dhoncha	22 49 40 36 25 9 32 27 28
<b>Kannóg 2</b>	Dichéille Omós do Sheán Mac Donncha	Pádraig Ó Conghaola Tomas Mac Eoin	Celia Ní Fhatharta Tomas Mac Eoin	45 14
<b>Kannóg 3</b>	A Kitty, a stór Amhrán an Tractor An Teilifís Nua Amhrán Chóilín Chlisseam An Domhán Nua Arlann na Naomh Fuascailt	Sean Ó Gráinne Dr. Míchéal Ó Curraoin Liam Ó Fiontáin Pádraig Ó Conghaola Alanna Ní Mhíocháin Fearghas Mac Lochlainn Cornac Ó hEadhra	Brian Ó Nualláin Dr. Míchéal Ó Curraoin Míchéal Breathnach Anne Marie Ní Dhoncha Alanna Ní Mhíocháin Fearghas Mac Lochlainn Luisne	34 10 30 38 16 19 23

# Gethsemane

Jim Kelly

## BUAITEOIRÍ 1996

<b>Rannóg 1</b>	<b>1ú áit</b>	<b>'Solas mo Chroí'</b> Cumtha ag Evelyn Uí Mhaoláin Canta aici féin
	<b>2ú áit</b>	<b>'An Lá ag Fás'</b> Liricí ag Damian Mac Gabhann Ceol le Declan Masterson Canta ag Damian Mac Gabhann
<b>Rannóg 2</b>	<b>1ú áit</b>	<b>'An Gorta Mór'</b> Cumtha ag Pádraig Ó Conghaola Canta Cella Ní Fhatharta
	<b>2ú áit</b>	<b>'XRB'</b> Cumtha ag Learraí Ó Finneadha Canta Micheál Ó Tuathail
<b>Rannóg 3</b>	<b>1ú áit</b>	<b>'Bóthar Armageddon'</b> Cumtha ag Seán Ó Gráinne Canta Brian Ó Nualláin
	<b>2ú áit</b>	<b>'Thair sa Léana Riabhach'</b> Cumtha ag Learraí Ó Finneadha Canta Máire Bríd Uí Nialdha
<b>Duais speisialta don óige:</b>		<b>'Macalla'</b> Cumtha agus canta ag Clíodhna Ní Mhurchadha

1

Na deamhain dom mheabhairbhodhrú

Is mé istigh sa ghairdín

Na hólóga go fuilteach thar samhlu

Is mé ag rá paidrin.

Tá mo chairde uilig faoi néal,

Mé leice ag dríodar mo shaoil

Ag feitheamh ar an mbás

Nach dtagann choíchin.

2

Tá Beelzebub ann is Lucifer, ag cabhrú,

Is braonta fola len éadan;

Cluinim scréachail is gioscarnach slabhra

Is fada atáim san fhaopach.

Bogann cara ach tá sé ag brionglóid'

Marbh dem fhulaingt a dhóinn mar smeachóid

Ag feitheamh ar an mbás

Nach dtagann choíchin.

3

Tiocfaidh an mhaidin gan Ciaphas ná Píolóid

Th' éis oíche caite in ifreann.

Tá ráflaí fem ghealtachas ag cogarnaíl

Go neafaiseach idir eadrainn.

Dúiseoidh mo chairde le breacadh an lae

'om cháineadh, mé féin is mo ráitísí baoth',

Ag feitheamh ar an mbás

Nach dtagann choíchin.

## Amhrán an Tractor

### Dr. Micheál Ó Curraoin

1

Tá scéal agam le haithris  
Nó ar léigh sibh é sna páipéir  
Faoin dream atá ' baint fheamainne  
Thiar i gCuan na hAirdé.  
Bhí dream ann as Doirefhearta  
Ros Dúgáin is Coill Sáille  
Muintir Mhuighnse 's Muintir Chárna  
Is dream as Ros a' Mhil.

#### Curfá:

Ó, mo thractoirín ó.....

2

Is a Dhia nár mhór an áilleacht  
Iad ag seoladh siar Cuan na hAirdé  
In aghaidh stoirm is taoille thrá.....  
Curracha is báid mhóra  
Báid engine is báid seolta  
Cheapfá gur i nGaillimh a bhí tú  
'Freastal ar an Tóstal.

#### Curfá:

Ó, mo thractoirín ó.....

3

Cheapfainn gur amadán tú  
Dá gceidfeá rud den tsórt sin  
Faoi rásaí na Gaillimhe

Nó freastal ar an Tóstal.  
Níl baint ar bith le Gaillimh aige  
Leitir Móir ná Minnesota;  
Ní bheidh sé i bhfad anois  
Go gcuirfidh mise sibh ar an eolas.

#### Curfá:

Ó, mo thractoirín ó.....

4

Bhí Michael Mháirtín Einniú ann  
Is corrán aige is píce  
Is é ag stróiceadh feamainne  
Is é ag imeacht ina thintreach.  
Sé 'n cás is mó dá bhfaca mé  
Dá mairfínn bliain is nócha  
Dochtúir is wheelbarrow aige  
Is é ag iompar feamainn bhui leis.

#### Curfá:

Ó, mo thractoirín ó.....

5

Bhí fear óg de Cheannabhánach ann  
Is é feistithe suas le clócaí;  
Ceann eile acu stripeálta  
Is ag ithe ceathrú feola.  
Bhí muintir Arann ann is muintir Eocha  
Is leathscór as Ard an Bhóthair.....  
Cheapfá gur crowd carróga iad  
A bheadh istigh i ngarraí eorna.

**Curfá:**

Ó, mo thractoirín ó.....

6

Bhí muid ag súil le fear na feamainne  
 Ar maidin moch Dé Máirt  
 Le haghaidh leoraí feamainne  
 A chur soir go Cill Chiaráin.  
 Ar ardú mo chloigeann dom  
 Is gan mórán solas in san lá  
 Go bhfaca mé an staise  
 Is gabháil pháipéir ina láimh.

**Curfá:**

Ó, mo thractoirín ó.....

7

Sé dúirt mé le mo chara  
 An bhfeiceann tú fear an chloiginn bháin  
 Atá in' sheasamh ag an gcéibh  
 Is spyglasses ina láimh?  
 Tá mé cinnte gur gaugéir é atá ag rith ar fheara fáil  
 Má fhaigheann sé greim orainn  
 Ag baint fheamainne  
 Diabhal dól arís go brách.

**Curfá:**

Ó, mo thractoirín ó.....

Críochnóidh mise m'amhrán  
 's nach mé atá go brónach  
 Mo Mhassey Ferguson 20

A d'imigh as an saol.

Go ndéana Dia grást' uirthi  
 Is go lonraí an solas suthain uirthi  
 Is beidh mo chroise briste  
 Chúns a mhairfeas mise choíche.

**Curfá:**

Ó, mo thractoirín ó.....

**Curfá:**

Ó, mo thractoirín ó, mo thractoirín ó,  
 Ceithre rotha in airde, is blaze ar fud na háite.  
 D'éirigh sí san aer is chuaigh sí amach sa taoille  
 D'éirigh Dr. Michael is thosaigh sé ag caoineadh.  
 Ó, mo thractoirín ó!

# Tigh Phlunkett

Leitir Móir - Teil: 551157

Siopa • Bureau de Change • Beár • Posta • Peitreal

'Má bhíonn tú thart ná téigh tharais'



## Ómós do Sheán Mac Donncha

Tomás Mac Eoin

1

Tá slua faoi uaigneas i gciúnas na cille seo  
' Fágáil slán ag a gcara atá ag dul síos faoin bhfód,  
Mar is iomaí sin uair le cois uaighe a d'abraíodh sé  
"Táimse im chodladh is ná dúistear mé".

2

A Mháistir an cheoil, slán agus beannacht leat,  
Tá do thuras ar an saol seo mo léan géar thart anois;  
Ach ar an saol seo do ghlór i gcónaí mairfidh sé,  
Tá Seán bocht ina chodladh ach ní chaillfear uainn é.

3

Ní gá domsa a bheith ag seanchas don té a raibh aithne aige  
air,

Mar bhí a thréithe chomh fairsing leis na réalta sa spéir;  
Bhí ceird ársa an tsean-nóis go héasca faoi smacht aige  
Mar bhí an cheird sin ina bhaile chomh fairsing le féar.

4

Más luath nó mall an bás tagann sé.  
Fuair Seán spás leis an gcúrsa maith a tharraing sé.  
An ghlúin a thiocfas fós a chuid amhrán abróidh siad.  
Tá Seán bocht ina chodladh ach ní chaillfear uainn é.

5

Nach iomaí sin ócáid mhór ar ar fhreastail sé  
Lena chuid amhrán is seanchais faoi chúrsaí an tsaoil;  
Nuair a chrochadh sé a ghlór bhí draíocht le haireachtáil.  
"Táimse i mo chodladh is ná dúistear mé".

6


Go raibh na ceoltóirí móra uilig ag fanacht leis,  
Ag cur fáilte roimhe abhaile go Flaithneas Dé;  
Sin é mo ghúí don laoch geanúil.

Tá Seán bocht ina chodladh ach ní chaillfear uainn é.

## muintearas Togra Oideachais Gaeltachta

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-551145 / 551155 / 551300 Facs: 551277 E mail: muintear @ 101: ie



Le tacaíocht ó • Údarás na Gaeltachta • Coimisiún na gComhphobal Eorpach • An  
• Rolinn Oideachais • An Crannchur Náisiúnta

### Ar son Oige na Gaeltachta


'Go n-éirí go geal leis an gComórtas'

## An Geata

Scoil Ealaíne

Ceardlann an Spidéil

Fón: 097 553040



# An Domhan Nua

## Alanna Ní Mhíocháin

1

Anois nuair a fheicim an ghrian ag dul faoi,  
Cuimhnim ar an uair dheireanach a chonaic mé thú.  
Dúirt tú liom an tseachtain roimhe,  
Gur chaill do chlann a dtalamh;  
Bhí sibh ag fágaint.... go Meiriceá  
An lá a rabhamar le pósadh.

### Curfá: (tar éis gach bhéarsa)

A ghrá geal mo chroí.

Ní dhéanfaidh mé dearmad ort go deo;  
Smaoinim ort gach nóiméad ....oíche is lá.

2

Chaitheamar an tseachtain ar fad le chéile,  
Ansin, ar an lá, thaistéal mé leat i do chairt.  
Shroicheadar an baile tar éis dhá lá.

An lá sular imigh an bád  
Ní raibh aon spás in aon áit le fanacht.  
D'fhanamar an oíche sa chairt.

3

Cuimhnim ar an mbád mór ag fágaint  
an chalaigh i nGaillimh an mhaidein dar gcionn.

D'fhéach mé ort; bhí tú ar an deic.

Bhí mé croíbhriste mar  
bhí tú imithe go Meiriceá.  
Ansin thosaigh mé ar an turas abhaile.

4

In imeacht mhíosa chun a bheith i gceart,  
Fuair mé litir uait ag rá "Táim i mBoston  
le m'athair....deirfiúr is deartháir.  
Fuair mo mháthair bás ar an mbealach.  
Ní fhaca sí mórán de Mheiriceá  
Mar tá sí curtha faoin uisce".

5

"Tá post maith agam anseo mar bhuitléir,  
Is tá Daidí, is Seán, mo dheartháir, ag obair go crua.  
Tá mo dheirfiúr ag obair sa chistin.  
Táimid ag obair san áit chéanna.  
Tá an phá an-ard i Meiriceá  
Is táim ag iarraidh ort teacht chugam".

6

Anois is mé ag seasamh ar an deic fhliuch,  
Smaoinim ar na rudai deasa a dhéanfaimid.  
Rachaimid ag siopadóireacht;  
Beimid ag caint le chéile.  
Ní féidir liom fanacht.....go Meiriceá!  
Anois, feicim Boston ansin.

7

Uair a' chloig eile is beimid ansin  
O féachann Boston go hiontach, nach bhfuil sí chomh mór.  
Táimid anseo buíochas le Dia  
Agus tá an turas fada thart.  
Cá bhfuil tú, a ghrá, i Meiriceá?  
O tá tú anseo. Tá tú difriúil.

# Arainn na Naomh (Operation Gaineamh Séidte)

Fearghas Mac Lochlainn

1

Tá Éirinn faoi leatrom, a chairde mo chroí,  
Tá daoine á mbagairt 's á mbealach ina dtithe ;

Tá daoine á marú agus drugaí á ndíol

- Ach ní mar sin atá sé ar Aill Inis Oírr.

2

An samhradh seo caite bhí an aimsir go breá,  
Tháinig meall strainséirí anoir ar an mbád.

Tháinig siad chugainn ó Chontae an Chláir

- Bhí campa ina mhála ag strainséir amháin.

3

Shrocaigh sé a champa ar an bhfoscadh sa ngleann  
Agus bhreathnaigh sé timpeall anonn is anall.

Chonaic sé an Caisleán, na teampaill 's an Trá;

O, bhí cor ina mhuineál is é ag speiceáil chuile áit.


4

Chonaic sé an Plassy agus Ailltreacha an Chláir;

Chonaic sé uaidh Inis Mór is Inis Meáin.

Sheas sé 'Tigh Ned' ach níor fhan sé i bhfad ann

Agus tháinig sé ar ais chuig a champa sa ngleann.



Celia ní Phatharta, a chas an t-amhrán 'Nóra Bhán' a bhuaigh an chéad duais i Rannóg 1 den Chomórtas seo i 1994 agus an t-amhrán 'An Gorta Mór' a chuaigh Rannóg an tSean-Nóis i 1996.

TURASÓIREACHT

CHONAMARA

AGUS ÁRAINN

**Oifig Eolais·Bialann na Chéibhe**

ROS a'MHÍL·CO. na GAILLIMHE FÓN/FACS: 091-572582

D'athraigh sé a chóta, a léine is a dhrár;  
 D'fháisc sé na cnaipí is an bheilt faoina lár.  
 Chuir sé leabhar nótaí ina phóca, agus peann  
 Agus shocraigh sé caipín speic Garda ar a cheann.

"Reporting for duty!" deir an Garda Ó Maoileoin;  
 Siar leis 'Tigh Ned' mar is ann a bhí an ceol.  
 D'airigh sé gléaradh 'gus d'airigh sé gleo;  
 Bhreathnaigh sé isteach- is bhí daoine ann - ag ól !

It's way past the time!" deir an Garda Ó Maoileoin;  
 Rap sé ar an doras - isteach leis go beo.  
 Stopadh den chaint. Stopadh den cheol;  
 "You're all under arrest!" deir an Garda Ó Maoileoin.

"An bhfuil baile ar bith agaibh?" deir an Garda Ó Maoileoin  
 "Tá na mná bocht' sa mbaile is tá sibhse anseo ag ól,  
 Ag plubáil 's ag plabáil ag glugáil 's ag gleo  
 Ach ar maidin amárach - cé a bhlifeas an bhó?"

"Everyone out!" deir an Garda Ó Maoileoin  
 D'fhágadar piontaí agus bhailíodar leo;  
 Ghlaoiigh sé ar an sáirsint is é sásta go leor:  
 "Mission accomplished!" deir an Garda Ó Maoileoin.

Ach, tá aiféala ar Phódraig is caitheamh ina dhiaidh  
 D'fhoghlaim sé a cheacht is ní tharlóidh sé arís;  
 'S má théann sibh 'Tigh Ned' - téigi ann ag a naoi  
 Mar stopann sé ag líonadh ag a haon déag san oíche.

'S tá Éirinn faoi leatrom, a chairde mo chroí;  
 Tá na seandaoine scanraithe is iad sáinnithe ina dlíthe.  
 Ach mar gheall ar an ngarda a tháinig faoi thír  
 Ní mar sin atá sé in Árainn na Naomh!

*le gach deá-ghuí don chomórtas*  
**Cógaslann agus**  
**Bláthlann Uí Mhisteil**  
 An Cheathrú Rua Fón/Facs 595154

## Arís, an Athuair

### Aodhán Mac Bhrannaigh

1

Ar na sléibhte saor' a bhíos is bhí tú im radharc soiléir  
Is ar bharr an domhain nior mhothaigh sí fuar  
'S muid ag sciáil leiceann géar bhí mé splanctha i do dhiaidh  
Arís, arís an athuair

Ach tagann slán ar ball  
Ní imíonn am go mall

2

Um thráthnóna ag an mbun bhíomar sásta lán le beocht  
Is d'ólamar in óstán nó dhó  
Tháinig cairde nua isteach comhluadar breá 's comhrá níos  
fearr

Ar smaointe imithe leo

Ach tagann slán ar ball  
Ní imíonn am go mall

3

Ar na sléibhte saor' a bheinn 's mé ag titim leat ó bhuaic  
Is sneachta id' ghruaig 's ar do bhéal  
Chuirfinn síol bheag i do chroí in áit an sián atá ag teacht  
An fuacht ag fás, an seanscéal

Ach tagann slán ar ball  
Ní imíonn am go mall

## Fuascailt

### Cormac ó hEadhra

1

Fuil ghéar mo chroí, d'íomhá 's cuimhní cinn  
Brón atá ' mo theannta anocht,  
Ach, cráite.....brúite.....fós ag súil le d'aiséirí.

2

Tonnta geala trá ag fuaimniú glór an ghra,  
'S mise fágtha, tusa básaithe,  
Aillte arda, an bhfanfaidh nó an léimfidh mé?

Curfá:

An ghrian ar mo dhroim,  
Gaoth fhuar ag cuimilt tríom,  
Mé ' luascadh liom sa ngaoth.  
Fan liom, a stór, a chroí.....  
Fan liom, a stór, a chroí.

3

Geallúintí 'gus spraoi, mise 's grá mo chroí,  
Ach tá siad uile imithe faoi  
Le bás girsí a chreach 's a bhuair mé.

4

A ghrian a théann faoi, a ghealach, Rí na hoiche,  
Tabhair dom breithmheas ar mo shaolsa.  
An fiú dom géilleadh, nó an dtiocfaidh croí chugam arís?

Curfá:

An ghrian ar mo dhroim,  
Gaoth fhuar ag cuimilt tríom,  
Mé ' luascadh liom sa ngaoth.  
Fan liom, a stór, a chroí.....  
Fan liom, a stór, a chroí.



# Taibhdhearc na Gaillimhe

*Luin 17ú Márta*

## *Rince an Bháis*

### *Drama Nuachumtha*

Má tá aon eolas ag  
teastáil uait faoi  
imeachtaí na  
Taibhdhearc, faigh i  
dteangmháil linn nó  
bual isteach:

Taibhdhearc na Gaillimhe  
An tStráid Láir  
Gaillimh  
091 - 62024 / 63600

## Comhartha an Ghaoil

### Art ó Dufaigh

1

Ar léaslíne an dá bhaille,  
Tá an traonach ag casadh,

Tá longa á dtógáil trí mháistreacht na saor,  
Tá an ceobhrán á scaipeadh faoi shoilse na sráide,  
Is tá maorgacht na sléibhte faoi chlúdach na hoí'.....

2

Cloisim na fídlí ag glaoch ó na Sealtain  
Is na glórtha á bhfreagairt ó ghleannta Chúil Aodha,  
Trasna na mara ní gheantar an ceangal,  
I gcumann na gceolta, i dteanga an ghaoil.

Curfá:

Ag glaoch thar na tonnta, ó Árainn go hOban,  
Macalla na ngleannta, caointe na scéal',  
Ag díbirt ár nduaircis, ag ceangal ár ndúchais,  
Na goltraí is na geantraí, comhartha an ghaoil.

3

Scamail na staire ag scoilteadh na leaca,  
Chuir meath an dá theanga gubh' ar fhíli,  
D'fhág blianta 's anacair lorg ar na sléibhte,  
Chuir díobháil na deighille brón ar gach croí

4

Ach cloisimse glór, an comhartha comaoin'  
ag muirniú na ngonta, ag diurnú an phéin;  
Tá dlús agus lúcháir i dteanga na gceolta,  
I dteanga na héigse,  
I dteanga an ghaoil.

## Ag Damhsa Le Solais

Taispeántas Gloine Daite

9ú Márta - 22ú Bealtaine, 1997



### An Dámhlann

Ceardlann an Spidéil

Fón: 091 553733 Facs: 091 553734 E-mail: karen@kennys.ie  
WWW: <http://www.101.ie/kennys/Damhlann.html>

Seirbhís Frámála ar Fáil



## Cló Iar - Chonnachta

Indreabhán, Conamara

Fón: (091) 593307 Fax: (091) 593362

**ECHONG — Colm Ó Foghlú**  
(CICD 120) (CD £12.99; Cass £7.99)

Amhránaíocht ar an sean-nós arna chóiriú go tuiscianach, samhlaíoch, spreagúil ag an chumadóir / stiúrthóir óg, Colm Ó Foghlú. Curaídh míóra an tsean-nóis le cloisteáil ann — Lillis Ó Laoire, Máiread Ní Oisín agus Brian Ó Domhnaill, cór óg Scoil Oilibhéir agus scoth na gceoltóirí traidisiúnta agus clasaiceacha

**AN NORA BHEAG — Seán Hernon**  
(CICD 123) (CD £12.99; Cass £7.99)

Ceol den scoth ó dhúine eile de mhuintir cheolmhar Uí Iarmáin as Carna i gConamara. Cuirfidh an ceol feadóige seo ceo ar na cluasa, é croílúil tuiscianach agus chomh soiléir le grán an mheán lae. Is léir go bhfuil teacht ag Seán Hernon ar thobar saibhir an fhíorchéoil, agus is cinnte go rachaidh a gháir níos faide ná a rachas a chosar.

**NA DAMHSAI CELI — Johnny Connolly & a Chairde** (CICD 121) (4-Cass £20)

Is fada ceol maith céili ag teastáil ó lucht na gceoláistí Gaeilge, múinteoirí darnhisa agus a macasamhla . . . Bhuel, tá an fanacht thart! Seinnte anseo go beo bromhar ag Johnny Connolly agus a chairde, tá ceol na ndamhsal céili is coitianta atá le fáil; *Baint an Fhéir, Ionsaí na hInse, Bailiá Luimní, An Staicín Eorna, Cor Beirte, Tonnta Thoraí, Droichead Aitha Luain, Cor na Síóg, Na Trí Foinn, Aoibhneas na Bealtaine & srl.*

Ag teacht . . . Samhradh 1997

**DRIOBALL NA FAINLEOIGE / THE SWALLOW'S TAIL — Johnny Connolly**  
(CICD 127) (CD £12.99; Cass £7.99)

Ailonna speisialta: Charlie Lennon agus Steve Cooney.

# Tithe Saoire na n-Oileán



Éanach Mhéain  
Leitir Móir  
Conamara

**Tithe ar Cíos**

*Oscailte an Blain ar fad*

**Gailf, Marcaíocht Capall, Íascaireacht, Turais go hÁrainn**

Gach Eolas ó  
Phádraic Ó Conghaille  
Fón: (091) 572212 / 572348 Facs: (091) 572214

## Sioscadh na Saoirse

Clíodhna Ní Mhurchadha

Soitheach ag seoladh ar bhinn na dtionnta

Mise ag snámh tré chúr an tsaol

Éirí na gréine - ré nua tosaithe

Le sioscadh na saoirse, Imeoidh mo chiall.

Anois tá mé neamhspleách, ní éisteoidh mé libhse,

Tá drumáí ag bualadh go tréan i mo chroí,

Níor bhris mé aon riail mar níl aon riail le briseadh

Is mise an cleite á iompar sa ngaoth.

Sioscadh na saoirse, ré nua tosaithe,

Éirí na gréine, Imeoidh mo chiall

Feicim an chéad réalt le titim na hoíche

Mothaim an tintreach a lasann an spéir

Ag gáire sa mbáisteach 's mé báite go craiceann

Saor ó imní - 'S mé amuigh liom féin.

Gáir - Cuirtear tús leis an ngrad, leis an mbualadh

Scread - a spréachann an spéir

Cumhacht - a rásaíonn tré chuisle na fola

Dóchas - go síorraí i gcogar na mbéal

Duais faoi leith don Óige

Urraithe ag

*Mulligan*



5, Clós Shráid Láir, An tSráid Láir, Gaillimh Teil/Facs 091-564961

## Tuaisceart, Deisceart

Frankie Nic Dhonncha

### Curfá:

Tuaisceart, Deisceart.

Céard é 'n difríocht eadrainn?

Ritheann fuil dhearg inár gcuisle.

Sé 'n Dia céanna a adhrann muid.

1

Shiúil mé ar m'aistir le mo mhuintir

Fuair mé cineáltas is cléibh;

Muid ag lorg na nithe céanna

Bia, deoch, foghlaim, creideamh agus scléip.

### Curfá:

2

Chraith an pléasc an t-ithir uile

Níorbh eol dó thuaidh nó theas;

Réab sé meon is bhris sé cnámha

Is an tsíocháin chuir ó leas.

### Curfá

3

Tá mo mhuintir briste brúite

Cos ar bolg an buille a' teacht;

Bean is páiste, athair is máthair

Éagoin chaointe ' bualadh neamh.

### Curfá

4

Tá na blianta caite in achrann

Treabh le treabh, is bean le fear.

Tá an t-oileán scoilte eadrainn

Stair na héagóra greanta teann.

### Curfá

5


Smíor is smúsach, tuiscint chine

Idéal ard is friotal géar.

Creideamh Róimhe nó Westminster

Ní fiú deor fola eatarthu é.

### Curfá



# An Crúscín Lán

Beár & Bialann  
Ceol & Craic

An Spideál, Conamara  
091-553148

*Go nÉirí go Geal le Comórtas na nAmhrán Nuachumtha*



## An Teilifís Nua

Liam O Fionntáin

1

Tá teilifís nua a'inn sa tír seo  
Cé nár chreid muid go dtiocfadh an lá  
Mar bhí daoine go leor ag cur díobh faoi  
'S iad a' rá go raibh 'n costas ró-ard.

Bhí cúpla rud eile, bí cinnte,  
' cur as dóibh nó b'fhéidir á gcrá  
Gan an Ghaeilge 'bheith acu ró-líofa  
'S nach saothróidís uirthi aon phá.

2

Ach anois tá sé againn dá mbuíochas,  
Mar dúirt Michael D. thuas sa Dáil,  
'Tá an Ghaeilge ag fáil bháis ins sa tír seo  
is ní bheidh sí ag an aos óg ar ball".

Níor aontaigh gach teachta leis cinnte,  
's ní an rud sin neamhghnách;  
Cuireadh an cás siar ar feadh píosa,  
'S faoi dheireadh cuireadh an t-airgead ar fáil.

3

Ansin bhí cinneadh eile le déanamh,  
Cá dtógfaí anois stáisiún nua?  
Is ceapadh é a thógáil sa nGaeiltacht,  
I gCo. na Gaillimhe, ar ndóigh!  
Criochnaíodh an obair go tapaídh  
agus osclaíodh i 96 é faoi Shamhain,  
Is anois tá TnaG ag craoladh  
As Conamara i mBaile na hAbhann.

4

Tá spórt 's togha an cheoil air le feiceáil,  
agus freisin neart drámaí grinn;  
Maidir le nuacht, tá sé ag teacht as chuile áit a'inn  
Ó Ros na Rún soir go dtí an tSin.


Cheapfainn féin gurb é an stáisiún is fearr é  
dá bhfuil againn fós ins sa tír,  
Is beidh sean is óg aige meallta  
má fhaigheann siad na haeróga daor'.

5

Ba sé mhilliún déag uilig an costas,  
's ba phingin dheas í sin le haghaidh tús;  
Tá an stáisiún nua maisithe go slachtmhar  
mar ní raibh an t-airgead gann, b'shin an chúis!  
Tá an trealamh is fearr ann dár facthas  
's an criú uilig oilte dá réir,

Anois níl tada eile le rá a'msa  
Ach gur theastaigh TnaG uainn go géar.

## An Spailpín Fánach



an spidéal, co. na Gaillimhe Fón: 091-553343 Facs: 553017

## Seo chugainn an Samhradh

### Deirdre Ní Chinnéide

1

Coicís i Lúnasa slán leis an gciúnas is fáilte roimh chraic agus spórt

An t-am seo den bhliain is fear liom í le nithe de gach uile shórt

Beo agus bríomhar céad slán leis an ríomhaire guthán is obair 'feadh seal

Uaireadóir fágth' ag an mbaile cén fáth - tá dualgas is am curth' ar ceal.

2

Seo chugainn an samhradh grian ar mo dhroim is lámha ag snámh leo sa mhuir

Seo chugainn an samhradh saoire 's spórt 's mé ag seoidh i dtreo oileáin thiar

Ceol i mo chluasa ceol ar mo bhéal is amhrán á chothú im' chroí

Gaoth úr na mara 'dul i bhfeidhm í ag cabhrú liom éalú mar dhraoi

Éan beag sna spéartha ag eitlit go maorga mo mhealladh le comhcheol binn

É agus mé maraon i ngrá is í áilleacht na huairé 'tá linn Fáilte roimh shaoirse is slán leis an tuirse 's gan smaointe

le bheith faoi smacht  
Seo chugainn an samhradh saoire 's spórt ná bí buartha is féidir leat teacht.

3

Óg agus amaideach 's cuma faoi ghramadach smaointe mar seo 'rith im' cheann

Is mé bheith i dteannta cairde nua a thaisteal ó gach aird den domhan

Bia is ól idir dánta is ceol agus siúlóidí fada gach lá Spás agus saoirse ar oileán mo chroí san áit seo ní mhothaim ach grá.

4

Seo chugainn an samhradh grian ar mo dhroim is lámha ag snámh leo sa mhuir

Seo chugainn an samhradh saoire 's spórt 's mé ag seoidh i dtreo oileáin thiar

Ceol i mo chluasa ceol ar mo bhéal is amhrán á chothú im' chroí

Gaoth úr na mara 'dul i bhfeidhm í ag cabhrú liom éalú mar dhraoi

Éan beag sna spéartha ag eitlit go maorga mo mhealladh le comhcheol binn

É agus mé maraon i ngrá is í áilleacht na huairé 'tá linn Fáilte roimh shaoirse is slán leis an tuirse 's gan smaointe le bheith faoi smacht

Seo chugainn an samhradh saoire 's spórt ná bí buartha is féidir leat teacht.

Fáilte roimh shaoirse is slán leis an tuirse 's gan smaointe le bheith faoi smacht

Seo chugainn an samhradh saoire 's spórt ná bí buartha is féidir leat teacht.

## CEARDLANN AN SPIDEIL



Togha na ceardaíochta agus scoth na healaíona

*Buail isteach againn am ar bith!*

## A Khitty, a Stór

### Seán O Gráinne

1

A Khitty, a stór  
ba tú rún mo chléibh.  
Thug tú grá dom féin  
ach níor thuill mé é.  
Bhí sé romham amach  
ó rugadh mé  
go dtroidfinn cath  
is go gcaithfí mé.

Curfá:

Gheall tú dílseacht dom  
go dtí lá mo bháis,  
'Sea is bhí tú liom  
ag Béal na Bláth.  
Nuair a scinn an piléar  
tríd an aer,  
bhí ár seal gearr thart  
ar an saol, mo léan.

2

A Khitty, a stór,  
dá mairfinn arís,  
ní bheadh athrú go leor  
le cur ar mo shaol.  
Ba dhual dom éirí amach  
ar son cine riamh.  
Nuair a shinigh mé thall  
bhí an bás le mo thaobh.

Curfá

3

A Khitty, a stór,  
ach ar bhris mé do chroí?  
Mar ní leatsa amháin mé,  
bhíos i ngrá le mo thír.  
Tá daoine a dhéanfas  
neart cáinte go fóill,  
ach is a'dsa atá 'fhios,  
A Khitty, a stór.

## Dúchas Inis Oírr

**Inis Oírr, Árainn, Cuan na Gaillimhe.**

**Féilte agus Cúrsaí Cultúrtha 1997**

30 Meith - 4 Iúil      Dúlra agus Timpeallacht Árainn  
7 Iúil - 11 Iúil      Stair agus Seandálaíocht Árainn  
21 Iúil - 25 Iúil      Saibhreas an Cheoil Traidisiúnta

### Féile Teacht an Earraigh Bealtaine 1ú - 4ú

Féile bunaithe ar dúlra, luibheolaíocht, éaneolaíocht,  
muireolaíocht, seandálaíocht agus stair an oileáin. Siúlóidí,  
turaí, léachtaí agus ócáidí shóisialta.

Eolas ó: Dúchas Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe.  
Fón 099 75008. Facs 099 75071.

**Caith do Shaoire in Inis Oírr i mbliana. Beidh Fáilte Romhat.**

## Ceantar Grámhar

Damian Mac Gabhann

I

Tá mo croí i gceantar grámhar  
Áit a mbíonn an ceol go binn,  
Is ní féidir liom i thréigint  
Mar do bheadh mo smaointe tinn.  
'Nsiúd amuigh ar bharr na farraige  
Tá na héisc ag déanamh grinn  
's iad ag teacht chun beannú domsa;  
Tá mo cheol ag dul chun cinn.

Curfá:

Seo an áit a mbíonn an mhaidin  
'Sineadh siar tar éis mheánlae  
Is tráthnóna in áit na hoíche  
'Ruaiseadh fuacht ó gach aon ghaoth.  
Mar sin feictear an ghealach  
Í chomh hálainn is bhí riamh  
Ag soillsiú idir an ghleanna  
'Gluaiseacht lei ó shliabh go sliabh.

2


Táim a' seasamh ar an gcarraig  
'Breathnú treo an phian's an chrá  
Sin an áit a bhíos im chónaí  
'Maireachtáil ó lá go lá.  
Le mo phianta bhí mé cráite  
Bhíos im'aonar croí go trom  
Is gach éinne' déanamh gáire.  
Cheannaíos ticéad's d'imios liom.

Curfá

3

Tá mó cinnte gur chruthaigh Dia  
Áit mar seo i bhfad i gcéin,  
Níl drochmheas agam ar éinne  
Ná ag éinne orm féin.  
Tá ceol ar an bhfarraige  
'Déanamh comhcheol lem' chuid féin  
'N'fheadar' bhfuair mé bás i nganfhiós dom  
Neamh ar domhan deir lucht a' léinn.

Curfá



## Áras Mháirtín Uí Chadhain An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 595101 / 595038 Facs: (091) 595041  
email: mlbharry@iol.ie

Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta ó Bhearna go Carna.  
Cúnamh i labhairt na teanga don chlann gan Ghaeilge.  
Dianchúrsaí i Labhairt na Gaeilge do Dhaoine Fásta.  
Pacáiste Féin-Teagaisc i bhfoghlaím na Gaeilge.  
Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge.  
Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs.  
Seomraí ar fáil do choistí.

## Amhrán Chóilín Chlísim

Pádraic an Táilliúra Ó Conghaola

1

Nó nach n-aithreoidh mo chluasa cua an Earraigh  
Nó nach bhfeicfidh mo shúile cnoc Dablach  
Nó go stopfaidh na héiníní ag canadh  
Beidh cuimhne againn ar Chóilín go brách.

2

Mar beidh tú in ár n-intinn a Chóilín  
Thú féin agus Caisleán Uí Néill  
Is na háiteacha cáiliúla a chas tú  
Gus pionta nó gloine ar do bhéal

3

Is iomaí teach ceoil agus síbín  
A chas tú dhá amhrán nó trí  
Is iomaí oíche ar fhan muid go maidin  
mar ní aithreodh muid' imeacht na hoíche

4

Bhí cáil ort ó Gaillimh go Ciarraí  
Ó Chorcaigh go barr Dhún na nGall  
Mar chas túsa stéibh ann sin cinnte  
ag Oireachtas, Feis nó dteach óil

5

Is go ndéanfaidh Dia grásta ar d'anam  
Ach bhain tusa spéis as an saol  
I gcomhluadar daoine a bhí geanúil  
Is tú ag gáire nó sin ag gabháil fhoinn

6

Is dá mbeadh muid ag caint ort go maidin  
Beidh scéal againn nár aithridh muid fós  
Mar ba bharuil thú a Chóilín bhocht Chlísiam  
is ba gnaíouíl tú istigh i dteach an óil

7

Ach fágfaidh muid slán agat a Chóilín  
Is do ghlór binn a d'imigh ró-luath  
Is más maith le naomh Peadar an sean-nós  
Cas an Caisleán no Bean an Fhir Rua.

**Ó Dubhána Tógálaí**

**Ag oscailt go gairid**

**Cártaí Mhairín**

**Carna**  
**Conamara**  
**Fón/fax :**  
**095-32247**

**Cártaí le haghaidh cluicléir**

## An Nadúr

### Pádraic an Táilliúra Ó Conghaola

1

Tá na blianta is iad ag ritheacht  
Gan aon leigheas air ná aon draiocht  
'S nach óg a bhí mo chroí  
Nuair a d'fhág mé Conamara  
Ar thuairisc phota an óir  
A chuaigh mise is mo stóir  
'Lá a dúirt mé slán le hÉirinn  
'gus an nádúr.

2


Ach tá an raitheach is an fraoch  
I gcónaí mar a bhíodh  
Is ceo ar na Beanna Beola, mar a chéile.  
Níl aon athrú ar an abhainn  
ná ar an scraith iogair atá doimhin  
Is tá boladh mhil na mbeacha i mo ghairdín.  
Tá chuille rud mar a bhí  
Ach an bóthar agus an teach ceann tuí  
Ach faraor géar tá an nádúr ar fad bailithe.

3

Is nach mbionn uaigneas i mo chroí  
Nuair a chuimhnim ar na tithe  
A mbíodh damhsa is pléaráca iontu fadó.  
Tá na fuinneoga anois mór  
Le feiceáil síos go bóthar  
Is na dóirsí móra galánta is iad dúnta;  
Is ní bhfaighfeá blas do bhéil den cháca ná den tae  
Ach sa teach a bhfuil an seandúine sa chliúid ann.

4

Tá neart eolais ar ár gclann  
Le ríomhairí is le peann,  
Is tá deiseanna an domhain acu sa bhaile;  
Níl aon anró ar na mná  
'Píocadh fataí nó sa trá  
Ach meastú an bhfuil an grá acu sa mbaile?  
An bhfuil solas ina gcroí ag beirt óg phósta, mar a bhíodh,  
Ó Dhia na nglór, is nár mba dheas an rud an nádúr.



Ceardlainn Drámaíocht Craic Ranganna Féile  
Spraoi Scéim Fostaíochta Pobail Airneáin Ceol  
Físeáin Seo Sráide Fuaim Cleamhnas Damhsa  
Ealaíon Geamaireacht Scribhneoireacht Cairde

Do phobal Chonamara.....ó phobal Chonamara

# PLÉARÁCA

Pléaráca Teo. Ionad Fiontraíochta. Ros Muc. Fón 091-574376

## Tigh Hanlaí

An Droim, Leitir Mór  
Teil: 091 551106

**Beár, Ceol & Craic**  
-Seibhís Sochraide-

Go n-éirí go geal leis an gComortas

# LÁMH CHÚNTA Ó AIB




Téann díograis agus comhoibriú le chéile chun comhleas pobail a chothú. Glacann AIB go hiomlán leis seo agus tairimid toilteanach ár gcion a dhéanamh i do phobal.

Mar cheann de phríomh institiúití airgeadais na hÉireann, tuigimid an tábhacht atá le cabhrú le daoine chun na cuspóirí atá acu a chomhlíonadh agus chun na cuspóirí seo a thabhairt chun críche tá raon cuimsitheach de sheirbhísí agus de tháirgí á chur ar fáil againn. Mar teastatonna láimh chunta ó gach duine ó am go ham.

**An Cheathrú Rua 091-595218**



*Gineann tú an bhuaic ionainn*



## ARAN SEABIRD, ISLAND DISCOVERY, ARAN FLYER, ARAN EXPRESS, SEA SPRINTER

Ag seoladh as Ros a'Mhíl dhá uair ar a laghad gach lá

go  
**OILEÁIN ÁRANN**  
i 40 nóiméad

**CEANGAL SPEISIALTA BUS IDIR GAILLIMH AGUS ROS A'MHÍL**

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:

**Victoria Place, Gaillimh**

nó ar an gcéibh i:

**Ros a'Mhíl**

Fón: 091 - 561767 / 572273

Facs: 091 - 562069



*Go n-éirí go geal leis an gComórtas Amhrán*



*Fáilte Roimh Bail Nua (Fir & Mná)*

**Cóisir / Ceiliúradh? Cuir glaoch orainn!**

*Fáilte Roimh Chucuirteoirí!*

**EANACH MHEÁIN, CONAMARA**

**Fón: 091-572498 / 572212 Facs: 091-572214**

## Dícheille

**Pádraic an Táilliúra Ó Conghaola**

1

'S aréir nach mé bhí brónach  
Ag tórramh mo mhíle stór  
'S mé ag cuimhneamh ar an oiche úd  
a fuair mé mo chéad phóg.  
Bhí mo chroí istigh á réabadh  
le grá geal 's le pian  
'S níor shíl mé choichin nach bhfágfainn thú  
go luifinnse le do thaobh.

2

Ag cuartú oibre a chuaigh mé  
'gus go gceannóinse fáinne an óir;  
'S nár gheall mé duit, a stóirín,  
go mbeinnse ar ais le cóir.  
D'imigh an mhearbhall as mo cheann  
's na blianta ar nós na gaoithe  
'S tú fanacht ansin cois teallaigh liom  
'S tú do chailleadh le briseadh croí.

3

'S a Rí na nGrást' dá scríobhfainn a'd  
's gan ann ach líne amháin  
'S nach bhfaighinnse luach an stampa thall  
Nó is dona a bheadh mo chás.  
Ach mé féin agus mo dhícheille  
Chuirfeadh ciall isteach i mo cheann  
Bheadh muid pósta lena chéile  
Lá Peadair agus Lá Póil.



4

Bheadh an bhainis i dteach an óil a'inn  
Nearl ceoil 'gus amhráin dheas;  
'S nach ndéanfainn an stáicín eorna leat  
'S ní bhuailfeadh aon bheirt eile ár gcleas  
Muise shúilfainn siar le cladach leat  
'S an bheirt a'inn i ngreim láimh'  
Thabharfainn grá nach féidir a rá duit  
Lá na sinsir ní liginn leat.

5

Oíche geimhreadh 'gus é ag cur seaca  
Thabharfainn fasca duit ón ngaoth  
'S phógfainn do bhéilín blasta  
'S thabharfainn grá duit ó mo chroí  
'S go deo ní fhágfainn Cárna  
Muna mbeadhíá le mo thaobh  
Thógfainn comhairle Kí na nGrásta  
Na hAingil 'gus na Naoimh.

6

Ach faraor géar, a stóirín,  
Nár thóg mé an bóithrín ceart;  
Ní bheadh deora anois i mo shúile  
Ná mo cholainn gan aon neart.  
Bheadh na hoicheanta fada geimhridh a'inn  
Ag gabháil fhoinn agus chraic;  
Céard a tharla dom, a Mhac Dé,  
Nár chuir tú ar mo leas?


7

Anois leatfaidh mise an fód ort  
'S brón damanta i mo chroí;  
'S nach fada liom an lá siúd  
Go luifinn le do thaobh.  
Is mise a bheas go sásta  
In airde leat sna flathis  
Ní scarfar muid ó chéile arís  
Anois ná arís go brách.

*gach deá ghuí ó*


# Tigh Ruaidhrí Leitir Mór

**SIOPA**  
8.30 am - 8pm  
Gás, Gual, Blugas  
Beatha Beithíoch srl



# CLÓDÓIRÍ LURGAN

Indreabhán, Co. na Gaillimhe  
Fón: 091-593251/593157 Facs: 091-593159



DEARADH • CLÓCHUR • PRIONDÁIL  
*Leabhair • Irisleabhair • Póstaer • Stáiseanóireacht*

# Díograis



Is í an díograis croílár na forbartha cruthaithí. I baircáireachta. Táimid -díograiseach freisin i mBanc na hÉireann, táimid díograiseach i soláthar bhforbairt agus i dtacú leis an dtailinn as a an raon is samhlaithí agus is úsáidí de sheirbhísí n-eascairíonn smaointe maithe agus tionscnaimh.



**Banc na hÉireann**

# An Féileacán

Bairbre Ní Chathláin

Faoi scáth na coille, dorcha is dubh,

Tá linnte gréine fite go dlúth,

Le snáthanna órga, dubha agus glas',

Is tusa a sníomhann gile 's dorchadas.

## Curfá:

A fhéileacán, a fheileacán, a theachtair an áthais,

A fhéileacán, a fheileacán, bíodh sonas a'd!

A fhéileacán, a fheileacán, a fhéirín ghil an tsamhraidh,

Bua agus beannacht ar do bhealach leat!

Á....., á.....,

Bua agus beannacht ar do bhealach leat!

Clúdaithe le fada le taiséadach bán,

Ach d'éirigh tú ar eitleog, a stór, a fheileacán,

Mar aingeal iildathach, ag dul ó bhláth go bláth,

Ag líonadh an tsaoil le draíocht agus grá.

## Curfá

A anam, mo stóirín, eiteil leat go hard,

Bíodh saoirse is suairceas choíche i do pháirt,

'S mar bhogha ceatha gléineach idir tú 'gus mé,

Na braonta geala áthais a fhágann tú i do dhiaidh.

## Curfá

**Comhghárdeachas le Mhary agus Donncha!**

**Bíonn an dea-fhocal againn  
do gach teanga bheo.**



An Béarla.  
An Fhraincis.  
An Ghearmainis.  
Agus, ar ndóigh, an Ghaeilge.  
Comhlacht cumarsáide é Telecom Éireann agus  
is mór linn gach teanga bheo ar domhan.

**Cothú ár dteanga féin**

Maidir le cúlraí Gaeilge, déanann Telecom  
beart de réir a mbriathar.

- *Tacaíocht don Oireachtas*
- *Cúnamh do Glór na nGael*
- *Úsáid agus aitheantas do thábhacht na Gaeilge i bhfógraíocht agus i margatocht.*



**The Complete Music Shop**

**BACK TO MUSIC**

Buail isteach ag Pat Cunningham  
Back to Music. 30 Abbeygate St. Upr. Gaillimh. Fón 091-565272



Roinnt de na daoine a chuir an comórtas seo ar a chosa:  
Dónal Ó Colchúin (nach maireann), Séamus Ó Cuailín, bunaitheoir an  
chomórtais, Máire Bn. Uí Iarnáin agus Tomás Mac an tOmaire, iar  
Chathaoirleach

**CENTRA**

## **Siopa an Phobail Indreabhán**


Seachadadh in aisce

091- 593 020

*go n-éirí an t-ádh leis an gcomórtas*

# OSTÁN AN DOILÍN

An Cheathrú Rua  
Fón: 091-595177 / 595169




*Rogha an Óil — Togha an Cheoil*

*Oscailte ar feadh na bliana  
Ceol gach deireadh seachtaine*

Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, Partaí  
nó Bainis.

**Bialann**

**SPRAOI — SPÓIRT — CRAIC**



Luisne Ní Neachtain, Helen Uí Dhúnaírd agus Gearóid Ó Murchú ag Comórtas Amhráin Nuachumtha 1996.


ÉIST LE

**ÍDE NÍ CHEALLAIGH**  
ar Galway Bay F.M. 96.8 FM  
**'The Half Door'**

*'Ceol den Scoth'*

gach **Luan 8.00pm - 10.50pm**  
Ceol Traidisiúnta - go speisialta Ceol Áitiúil

Plandáin  
Gaoithe Na Farráige



SeaWinds Nurseries

**Ar Oscailt:**

**Luan go Satharn: 10am - 5pm**

**Dé Domhnaigh: 2pm - 6pm**



CASLA, CO. NA GAILLIMHE

Tel: 091-572210 Facs: 091-572370 REHAB GROUP

# MG


MAHOGONY GASPIPE

*Iris don óige ó*

*Bhord na Gaeilge*

- popcheol
- sraithscéal
- litreacha
- comórtais


**M**ahogany  
Gaspip  
ESTABLISHED 1982




- léirmheasanna ar scannáin agus ar theilifís

**Bord na Gaeilge**

7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: (01) 676 3222



Ár mbuíochas do Michelle i Muintearas !



LE GACH DEA-GHUI

DO CHOMÓRTAS NA nAMHRÁN NUACHUMTHA

ó

MICHAEL D. HIGGINS, T.D.

AIRE EALAÍON, CULTÚR AGUS GAELTACHTA

An **Roinn Ealaíon, Cultúir 7 Gaeltachta**

NA FORBACHA, CO. NA GAILLIMHE

# Níoclás P. Ó Conchubhair Teo.


LEITIRMÓIR, CO. NA GAILLIMHE  
Teil: 091-81114/81102 Facs: 091-81258

ÁBHAR TITHÍOCHTA,  
CRUA-EARRAÍ,  
ADHMAD/PLUIMÉIREACHT,  
PÉINT srl.

*go n-éirí an t-ádh leis an gComórtas*

Stiúideo Harmony Row, Inis Co. an Chláir  
Teil: 065- 40255 (Baile) nó 41199

an fhéile phan  
cheilteach  
idirnáisiúnta



the international  
pan celtic  
festival

Inis  
1-6 Aibreán 1997